

FOLÚNTAS

# Ceann Aonaid na gClár um Ghalair

Aonad: Cláir um Ghalair
Tagairt: ECDC/AD11/2023/DPR-HoU

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

## Sainchuntas poist

Tá sé beartaithe ag ECDC duine amháin a earcú chun an folúntas thuasluaite a líonadh. Tá sé mar aidhm ag ECDC liosta ionadaithe a chur ar bun freisin, a fhéadfar a úsáid le haghaidh aon fholúntas amach anseo sa réimse seo a líonadh.

Beidh Ceann Aonaid na gClár um Ghalair freagrach don Stiúrthóir, agus páirteach i bhfoireann bhainistíochta an Lárionaid agus cabhróidh sé nó sí le treoir straitéiseach an Lárionaid a shocrú. Déanann an Sealbhóir Poist maoirseacht ar obair ECDC a bhaineann le galair, forbairt agus cur chun feidhme chreat coiscthe ECDC agus creat Aon Sláinte Amháin, agus beidh sé nó sí i gceannas ar Aonad na gClár um Ghalair.

Beidh sé nó sí freagrach go háirithe as na réimsí oibre seo a leanas:

- Ceannaireacht agus treoir a chur ar fáil d'Aonad na gClár um Ghalair, agus fócas a fhorbairt chun aschuir shoiléire eolaíocha agus bhreisluacha a chruthú agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil an creat rialála ina bhfuil ECDC ag feidhmiú á chomhlíonadh chun tacú le Misean agus Fís an Lárionaid a bhaint amach;
- Trí bheith ag obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha ábhartha, tuilleadh forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar straitéisí chun leithdháileadh agus úsáid bharrmhaith acmhainní a áirithiú, agus béim a leagan ar ábharthacht, cáilíocht, tráthúlacht agus neamhspleáchas aschuir an Lárionaid;
- Caidreamh straitéiseach láidir a fhorbairt agus a chothú, go háirithe le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh, na Ballstáit agus geallsealbhóirí ábhartha eile;
- A bheith i gceannas ar fhorbairt chreat coiscthe ECDC lena dtugtar aghaidh ar dheitéarmanaint galar tógálach, lena n-áirítear gnéithe iompraíochta;
- Forbairt chreat Aon Sláinte Amháin ECDC a stiúradh i gcomhar le comhpháirtithe seachtracha sna Ballstáit agus go hidirnáisiúnta;

- Tuilleadh forbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Ardáin Faireacháin Chomhpháirtigh ar Vacsaíní leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach;
- Maoirseacht a dhéanamh, i gcomhar le líonraí galar ECDC, ar ghníomhaíochtaí faireachais ar ghalair thógálacha, ar threoir a bhaineann go sonrach le galair a tháirgeadh agus ar aschuir ghaolmhara eile a dhíríonn ar riachtanais gheallsealbhóirí ECDC agus spriocanna an Aontais agus spriocanna idirnáisiúnta a chur san áireamh;
- Cur le gníomhaíochtaí eile ECDC de réir mar is gá, ina réimse saineolais féin.

# Na cáilíochtaí agus an taithí riachtanach

## A. Ceanglais fhoirmiúla

Chun a bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Seo a leanas na ceanglais atá le comhlíonadh:

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó, nó leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar ollscoile críochnaithe arna fhianú le dioplóma agus taithí ghairmiúil ábhartha 1 bhliain amháin ar a laghad sa chás go maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad[1];
- Taithí ghairmiúil 15 bliana ar a laghad[2] (i ndiaidh an dioplóma a bhaint amach);
- Eolas cruinn ar cheann amháin de theangacha oifigiúla AE agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile AE a mhéid is gá chun a dhualgais/a dualgas a chomhlíonadh[3];
- A bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit de AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a gceart iomláin mar shaoránach[4];
- Aon oibleagáid a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige nó aici;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

## B. Critéir roghnúcháin

Tá critéir riachtanacha maidir le taithí ghairmiúil agus saintréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta ag ECDC chun cáiliú don phost seo. Is iad sin:

### Taithí ghairmiúil/eolas:

- Taithí ghairmiúil 7 mbliana ar a laghad faighte i bpoist atá ábhartha don sainchuntas poist;

---

[1] Ní chuirtear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit de AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin

[2] Cuirtear seirbhís mhíleata éigeantach san áireamh i ngach cás.

3 Iarrthóirí a bhfuil teanga ar a dtoil acu nach teanga oifigiúil AE í nó a bhfuil Béarla acu mar mháthairtheanga, ní mór dóibh a leibhéal sa dara teanga a chruthú le teastas (B1 nó níos airde).
Ina theannta sin, chun a bheith incháilithe d'ardú céime trí nós imeachta bliantúil um ardú céime, ní mór do na baill foirne buneolas a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus sna Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

4 Sula gceapfar é nó í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ón gcomhad póilíneachta a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige nó aici.

- Dea-theist i bpoist bhainistíochta ag leibhéal sinsearach i gcomhthéacs náisiúnta nó idirnáisiúnta;
- Taithí chruthaithe ar obair a stiúradh le linn tréimhsí ina mbíonn neart dúshlán le sárú/neart athruithe ag tarlú;
- Eolas maith ar bheartais agus gníomhaíochtaí ábhartha an Aontais chomh maith le scileanna dea-fhorbartha maidir le conas feidhmiú i gcomhthéacs polaitiúil;
- Taithí chruthaithe ar ábhar eolaíoch casta a shintéisiú ina threoir sláinte poiblí inghníomhaithe;
- Sárthuiscint ar an mBéarla, idir scríofa agus labhartha.

## Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Fís straitéiseach agus an cumas an fhís sin a chur in iúl;
- Sárscileanna bainistíochta, lena n-áirítear:
    - An cumas cuspóirí don Aonad a shocrú agus a athbhreithniú laistigh de chreat straitéiseach foriomlán agus tosaíochtaí na Gníomhaireachta;
    - An cumas tosaíochtaí a chinneadh agus díriú orthu agus faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cuspóirí sonraithe an Aonaid agus na mball foirne a bhaint amach, i gcomhar leis na baill foirne;
    - An cumas obair an Aonaid a eagrú, a shannadh agus a bhainistiú i measc na mball foirne mar aon le cuspóirí dúshlánacha ach réalaíocha a leagan síos dóibh;
    - An cumas baill foirne a chumasú, agus a áirithiú go dtuigeann siad an méid atá le déanamh acu agus conas a chuireann a gcuid oibre le cuspóirí an aonaid;
    - An cumas comhoibrithe a roghnú agus foirne láidre a fhorbairt a mbeidh láidreachtaí comhlántacha acu a oireann do chuspóirí an Aonaid a chomhlíonadh go héifeachtach;
    - An cumas baill foirne a spreagadh chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach agus aiseolas a thabhairt ar bhonn rialta, aitheantas a thabhairt nuair a bhíonn rath ar an obair agus nuair a bhíonn gá le feabhas d’fhonn a chur ar a gcumas a gcuid cuspóirí agus barr a gcumais a bhaint amach;
    - An cumas forbairt gairme agus deiseanna foghlama a fhorbairt do bhaill foirne agus tacú lena leithéid.
- Sárscileanna cumarsáide, lena n-áirítear:
    - An cumas cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus ábhair chasta a chur i láthair ar bhealach simplí, ó bhéal agus i scríbhinn, lena n-áirítear do na baill foirne;
    - An cumas ionchuir a lorg ó bhaill foirne, comhpháirtithe agus geallsealbhóirí agus éisteacht leo.
- Sárscileanna idirphearsanta, lena n-áirítear:
    - An cumas déileáil le daoine go héifeachtach, go measúil agus go cúirtéiseach;
    - An cumas caidreamh oibre bisiúil agus comhoibritheach a fhorbairt le hordlathas agus le haonaid agus le comhghleacaithe eile.
- Sárscileanna idirbheartaíochta, lena n-áirítear:
    - An cumas plé a stiúradh agus na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach gan chaidrimh bhisiúla oibre leis na páirtithe eile a chur i mbaol;

    - Scileanna taidhleoireachta dea-fhorbartha.
- Ardleibhéal sláine eolaíochta.

Ag brath ar an líon iarratas a fhaightear, d'fhéadfadh an coiste roghnúcháin ceanglais níos déine a chur i bhfeidhm mar chuid de na critéir roghnúcháin atá sonraithe thuas.

# Comhionannas Deiseanna

Is fostóir comhionannais deiseanna é ECDC agus molann sé go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh, gan aon idirdhealú bunaithe ar fhorais amhail aois, cine, áitiús polaitiúil, fealsúnach nó reiligiúnach, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumais.

Tá mná faoi ghannionadaíocht i bhfeidhmeanna bainistíochta faoi láthair agus chun cothromaíocht inscne níos fearr a bhaint amach, molaimid go láidir do mhná iarratas a dhéanamh ar an bhfolúntas seo.

# Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist bunaithe ar ghearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. Iarrfar ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh in ionad measúnaithe. Ba cheart d’iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach gciallaíonn ainm a bheith ar an ngearrliosta go n-earcófar duine. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir rathúil mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh, go ceann tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan ina dhiaidh sin agus **táthar ag súil go mbeidh sé/sí sa phost faoin samhradh / go luath san fhómhair 2024**. Déanfar an ceapachán ag grád **AD 11**.

Ba cheart d’iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh naoi mí i gcrích go rathúil.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le coinníollacha conartha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo:

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140501

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann foireann an Lárionaid a cuid gníomhaíochtaí i gcrích.

# Painéal ionadaithe

D’fhéadfaí painéal ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

# Nós imeachta iarratais

Chun iarratas a dhéanamh ar an bhfolúntas seo, cruthaigh cuntas/logáil isteach i do chuntas trí chóras ríomhearcaíochta ECDC, comhlánaigh gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais

agus cuir isteach d'iarratas. **Ní ghlacann ECDC le hiarratais a chuirtear isteach trí ríomhphost, tríd an bpost ná ar aon mhodh eile.**

Is é an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach an dáta a fhoilsítear san fhógra folúntais i mBéarla.  Moltar duit d’iarratas a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta ar fhaitíos go mbeidh fadhbanna teicniúla agat agus/nó go mbeidh go leor tráchta ar an suíomh gréasáin. Ní ghlacfaidh ECDC le haon iarratas tar éis an spriocdháta. Nuair a bheidh d’iarratas curtha isteach agat, gheobhaidh tú teachtaireacht ríomhphoist uathoibríoch lena ndearbhófar go bhfuarthas d’iarratas. Cinntigh go bhfuil an seoladh ríomhphoist a chuireann tú ar fáil i do chuntas iarrthóra ceart agus go seiceálann tú do chuntas ríomhphoist go rialta.

Tá treoir d’úsáideoirí maidir le ríomhearcaíocht agus treoir maidir le próiseas earcaíochta agus roghnúcháin ECDC le fáil ar ár suíomh gréasáin:

**https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process**

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Gheofar an t-aistriúchán[5] ar an bhfógra folúntais seo i dteangacha uile an Aontais Eorpaigh anseo:

https://www.ecdc.europa.eu/en/about-ecdc/work-ecdc/recruitment/vacancies/vacancy-translations

5 Ainneoin gur aistríodh an fógra folúntais seo go gach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh ón mbunleagan Béarla, is é Béarla gnáth-theanga oibríochtaí na Gníomhaireachta ó lá go lá. Dá bhrí sin, is fearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.